Aontroim

Brian Mhac Amhlaoibh Cluain Riabhach, Gleann Airimh

‘Oisín i ndiaidh na Féinne’

Bhí Oisín i ndiaidh na Féinne a' siubhal air thráigh a' Bhágha Dheirg, nuair a tháinig Pádraig chun a dhéin. D'fhiosruigh sé dae caidé a rabh sé 'dheánamh annsin.
Dubhairt sé go rabh sé 'g amharc bhó a chuid comrádaidhthe a tháinig go hAlbain - a chuaidh go hAlbain a throd.
“Ó,” arsa Pádraig, “cha bhfeic tú iad a choidhche. Tá siad marbh.” “Ó, cha dtig leo bheith marbh.” “Ó tá siad marbh,” arsa Pádraig. “Thugainn liom-sa agus teiseanaidh mise duit iad.”
Thug sé - thug Pádraig é go hIfearn, agus theisean sé dó iad in Ifearn a' trod.

Arsa Oisín, nuair a chonnaic sé iad,
“Chan fhearr bhuatha ná chuca,
Má mhaireas Goraidh agus Goll,
Diarmuid Donn agus an tOrscrath,
Bainidh(?) siad (?) a' lá go tseadh(?).”

Arsa Pádraig, “Béidh siad mar sin go h-éag - go bráthach.”
“Más mar sin é, tabhair mise leat agus baistigh mé, agus racha mé leat.”
Thug Pádraig eisean leis fá'n tsruth, agus nuair a bhí siad ionns a' tsruth, chuaidh spíc a chroiste in cos Oisín. Agus chonnaic Pádraig an uisce - an t-uisce deargaí le fuil. Agus tharraing sé a' spíc as a chois.
“Caidé as ciall - caidé as ciall nár ársuigh tú go rabh an spíc in do chois?”
“Shíl mé gur daen bhaisteadh é.”
Agus thug Pádraig a' spíc as a chois.

Trascríofa ag Ciarán Ó Duibhín

www.smo.uhi.ac.uk/~oduibhin/doegen/index.htm